Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13897/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0210(COD)**

**TRANS 674**
**MAR 213**
**ENV 876**
**ENER 495**
**IND 348**
**COMPET 819**
**ECO 123**
**RECH 507**
**CODEC 1474**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 12813/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10327/21 INIT + ADD1-3 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE<br>• Tuarascáil ar dhul chun cinn / Díospóireacht bheartais |

*Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht go mbeidh tuarascáil ar dhul chun cinn agus díospóireacht bheartais ann maidir leis an toga thuas in oirchill na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 9 Nollaig 2021. Chun na hairí a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus chun malartú tuairimí maidir le saincheisteanna substaintiúla a stiúradh, tá tuarascáil ar dhul chun cinn (in Iarscríbhinn I) agus páipéar beartais (in Iarscríbhinn II) ullmhaithe ag an Uachtaránacht.*

*Iarrfar ar Coreper/ar an gComhairle an tuarascáil ar dhul chun cinn a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thabhairt dá n-aire. Iarrfar ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a leagtar amach in Iarscríbhinn II.*

## I. RÉAMHRÁ

Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 14 Iúil 2021 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'[1] arb é is aidhm dó beartais aeráide, fuinnimh, talamhúsáide, iompair agus chánachais AE a dhéanamh oiriúnach chun sprioc AE maidir le laghdú glan intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, i gcomparáid le 1990, faoi 2030.

Is é cuspóir an phacáiste 'Oiriúnach do 55' na spriocanna a comhaontaíodh sa Dlí Aeráide Eorpach[2] a bhaint amach chun an geilleagar agus an tsochaí a athrú ó bhonn ar mhaithe le todhchaí níos cothroime, níos glaise agus níos rathúla a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí astaíochtaí a laghdú sna 10 mbliana atá amach romhainn má tá an Eoraip le bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050 agus má tá an Comhaontú Glas don Eoraip le fíorú.

Chun an sprioc a bhaint amach maidir leis an Aontas a chur ar chonair na haeráidneodrachta faoi 2050, theastódh laghdú tuairim is 90 % ar astaíochtaí iompair. Bheadh ról suntasach ag an togra thuasluaite maidir leis sin, ós rud é gurb é is príomhchuspóir dó éileamh agus úsáid chomhsheasmhach breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin san earnáil mhuirí a mhéadú, agus oibriú rianúil an tráchta mhuirí a áirithiú agus saobhadh sa mhargadh inmheánach a sheachaint ag an am céanna. Is ar na gnéithe seo a leanas a dhírítear i bpríomhfhorálacha an togra:

(i) spriocanna laghdaithe a shocrú le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáideann longa ar bord;

(ii) ceanglais a leagan síos maidir le soláthar cumhachta ar tír, nó fuinneamh astaíochtaí nialasacha, a úsáid agus long i mbeart, a bheidh infheidhme amhail ó 2030;

---

[1] Is éard atá sa phacáiste 12 thogra ón gCoimisiún i réimse an fhuinnimh, an chomhshaoil, an chánachais, na trádála agus an iompair; táthar ag súil le tograí breise i réimse an bheartais fuinnimh roimh dheireadh na bliana seo. Baineann trí thogra reachtacha go díreach le beartais iompair: an togra thuasluaite (i.e. An Rialachán atá beartaithe maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar - an Tionscnamh Muirí 'FuelEU'), an Rialachán atá beartaithe maidir le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a úsáid sa tionscal eitlíochta (an Tionscnamh Eitlíochta'ReFuel') agus an Rialachán atá beartaithe maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla ('AFIR').

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

(iii) na prionsabail a bhunú maidir le bithbhreoslaí, bithghás, breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chomhaireamh laistigh de na spriocanna maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;

(iv) deimhniú comhlíontachta FuelEU a bhunú mar aon leis an oibleagáid atá ar longa é a iompar; agus

(v) nósanna imeachta faireacháin, tuairiscithe, fíoraithe, iniúchta agus forfheidhmithe a thabhairt isteach, mar aon le forálacha airgeadais (lena n-áirítear pionóis do longa as neamhchomhlíonadh chomh maith leis na pionóis sin a leithdháileadh ar an gCiste Nuálaíochta).

Tá idirnaisc idir an comhad agus tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Go háirithe, is ón Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED)[3] a thagann an sainmhíniú ar bhreoslaí dá dtagraítear ann chomh maith le roinnt paraiméadar a úsáidtear chun iad a chomhaireamh (e.g. critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin a dheimhniú). Tá dlúthnasc idir roinnt forálacha a bhaineann le soláthar leictreachais i gcalafoirt mhuirí agus an Rialachán atá beartaithe maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla — 'AFIR'[4]. Ba cheart a mheabhrú freisin go mbeidh tionchar suntasach ag an athbhreithniú ar CTA[5] ar luas an dícharbónaithe san earnáil, athbhreithniú lena dtugtar aghaidh freisin anois ar mhuiriompar agus lena dtugtar isteach sásra praghsála carbóin.

## II. <u>AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE</u>

D'ainmnigh <u>Parlaimint na hEorpa</u> an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach[6] as an togra FuelEU Muirí agus ceapadh Jörgen Warborn (SE, EPP) mar a rapóirtéir.

---

[3] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018).

[4] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle - 10877/21 + ADD 1 -7.

[5] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757 - 10875/21 + ADD 1 – 7).

[6] Gníomhóidh coistí parlaiminteacha ITRE agus ENVI faoin nós imeachta coiste comhlachaithe (riail 57 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa).

Níl a dtuairimí maidir leis an togra glactha go fóill ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ná ag Coiste na Réigiún.

## III. AN OBAIR I DTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

Le linn Uachtaránacht na Slóivéine, pléadh an togra FuelEU Muirí ag líon suntasach cruinnithe ar leibhéal na Meithle um Loingseoireacht. Go nuige seo, tiomnaíodh 11 chruinniú do scrúdú críochnúil a dhéanamh, airteagal ar airteagal, ar an togra, ar an measúnú tionchair a rinneadh air agus ar na hidirnaisc a bhí aige le tograí eile den phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

Ina theannta sin, tugadh aghaidh ar an togra FuelEU Muirí faoi chuimsiú malartú tuairimí níos leithne a rinneadh ag an gcruinniú de Choiste na mBuanionadaithe an 12 Samhain 2021 maidir leis na trí chomhad a bhaineann le hiompar atá sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

D'ullmhaigh Uachtaránacht na Slóivéine freisin tuarascáil (13977/21), a bhfuil sé mar aidhm aici staid fhoriomlán na himeartha a léiriú agus forléargas a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh, ní hamháin maidir leis an togra seo ach maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' ina iomláine. Dírítear sa tuarascáil ar na gnéithe cothrománacha den phacáiste, amhail na hidirnaisc idir tograí, agus na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas sa phlé go dtí seo. Dáileadh an tuarascáil sin mar dhoiciméad cúlra ar fhoirmíochtaí uile na Comhairle atá freagrach as tograí éagsúla an phacáiste.

## IV. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA POLAITIÚLA AGUS AN DUL CHUN CINN

Tá sé soiléir ón bplé go measann na Ballstáit go mbaineann tábhacht shuntasach leis an togra, agus tagann siad leis an réasúnaíocht agus na cuspóirí atá ann. Tá sé léirithe acu freisin, áfach, go meastar go bhfuil an togra casta, ó thaobh cúrsaí teicniúla agus polaitiúla de, agus go mbeadh gá le tuilleadh ama chun go ndéanfadh na Ballstáit scrúdú ceart air. Le linn an phlé, is fíor gur chuir a lán toscaireachtaí in iúl go rialta go bhfuil forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta nó pharlaiminteacha acu maidir leis an togra.

Baineann na príomh-shaincheisteanna polaitiúla ar cuireadh béim orthu le linn an phlé leis na gnéithe seo a leanas:

1) an raon feidhme, ar lámh amháin, an raon feidhme 'substainteach' (i.e. cur i bhfeidhm ar gach long os cionn olltonnáiste 5000) agus, ar an láimh eile, an raon feidhme 'geografach' (i.e. an Rialachán atá beartaithe a chur i bhfeidhm ar longa i dtaca le 50 % den fhuinneamh a úsáidtear ar mhuiraistir atá ag imeacht ó chalafort nó ag teacht isteach go calafort atá faoi dhlínse Ballstáit, áit a bhfuil an calafort deireanach/an chéad chalafort eile faoi dhlínse tríú tír);

2) na spriocanna maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;

3) na ceanglais maidir le soláthar cumhachta ar tír (OPS);

4) úsáid breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin chomh maith le rialacha maidir le comhaireamh na mbreoslaí sin chun críche spriocanna laghdaithe dhéine na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach; agus

5) rialachas an togra (lena n-áirítear gnéithe forfheidhmiúcháin agus pionóis).

I bhfianaise an mhéid thuas, níor mheas Uachtaránacht na Slóivéine gurbh iomchuí oibriú chun teacht ar chomhréiteach lena dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna substaintiúla nó conspóideacha ag an bpointe seo agus dhírigh sí, ina ionad sin, ar théacs comhréitigh a bhí teoranta do ghnéithe eagarthóireachta nó teicniúla[7] a cuireadh i láthair agus a scrúdaíodh ar leibhéal na Meithle um Loingseoireacht.

## V. CONCLÚIDÍ

Ar bhonn na hoibre a rinneadh go dtí seo, tháinig an Uachtaránacht ar na conclúidí seo a leanas:

1. cé go n-aontaíonn na Ballstáit leis an gcuid is mó de chuspóirí an dréachtrialacháin, teastaíonn níos mó ama uathu chun é a scrúdú i gceart; agus

2. tá gá le tuilleadh oibre, dá bhrí sin, chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis an togra seo.

I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn maidir leis an togra FuelEU Muirí a thabhairt dá n-aire.

[7] 12813/21.

**IARSCRÍBHINN II**

***Páipéar beartais chun an plé a stiúradh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 9 Nollaig 2021***

Is veicteoir bunriachtanach é an muiriompar do thrádáil agus nascacht inmheánach agus sheachtrach an Aontais. Cé gur cúis shuntasach fáis eacnamaíoch í an earnáil gan aon agó agus go ngabhann tairbhí suntasacha eacnamaíocha agus sóisialta léi don Aontas, bíonn tionchar aici freisin ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. In ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas, braitheann an earnáil mhuirí go hiomlán beagnach ar bhreoslaí iontaise agus is foinse shuntasach gás ceaptha teasa agus astaíochtaí truailleán díobhálacha eile í.

Is é is aidhm don Dlí Aeráide Eorpach[8] astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus cuidíonn sé leis an Aontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050, nuair a bheifí ag súil le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair. Chun an sprioc sin a bhaint amach, glacadh roinnt tionscnaimh reachtacha mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' i mí Iúil 2021. Is cuid de chiseán na mbeart atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ón earnáil mhuirí é an togra '**FuelEU Muirí'**[9]. Go háirithe, leagtar síos leis an tionscnamh seo rialacha chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh arna úsáid ar bord ag longa a thagann isteach i gcalafoirt atá faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais, atá laistigh díobh nó a imíonn uathu, a laghdú, agus ag an am céanna, úsáid mhéadaithe breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin sa mhuiriompar a chur chun cinn.

Le linn Uachtaránacht na Slóivéine, rinneadh grinnanailís ar leibhéal na Meithle um Loingseoireacht ar an togra agus ar an measúnú tionchair a ghabhann leis. Tá sé thar a bheith soiléir ón bplé go measann na Ballstáit go mbaineann tábhacht shuntasach leis an togra, agus tagann siad leis an réasúnaíocht agus na cuspóirí atá ann. Mar sin féin, ní mór aird ar leith agus tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh de bhrí go bhfuil sé an-teicniúil agus i ngeall ar chastacht roinnt forálacha atá ann. I bhfianaise an mhéid sin, measann an Uachtaránacht go mbeadh tairbhe le baint as malartú tuairimí ar leibhéal na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar). Iarrtar ar na Ballstáit, dá bhrí sin, a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na gnéithe seo a leanas den togra:

---

**8** Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

**9** Togra le haghaidh Rialachán maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (10327/21 + ADD 1 – 3).

1. *an chaoi a dtógtar an dá phríomhthomhas maidir leis an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa bliantúil an fhuinnimh a úsáideann long ar bord agus maidir le soláthar cumhachta ar tír nó fuinneamh astaíochtaí nialasacha, a úsáid agus long i mbeart, lena n-áirítear an ghné idirnáisiúnta agus na himpleachtaí idirnáisiúnta;*
2. *an rialachas foriomlán chun an rialachán atá beartaithe a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú (e.g. gníomhaíochtaí faireacháin agus tuairiscithe, nósanna imeachta fíorúcháin, pionóis, etc.).*